

BALLA NA SPÁINNEACH

Tá Balla na Spáinneach i gCill Éinne in Árinn ar aghaidh Chill Rónáin anonn. Céibh atá ann, céibh déanta atá ann. Bíonn siad a' cur móna amach ann. Tá céibh eile le hais an bhalla sin, Poll na Darú (bhíodh tarbh ann fadó), agus cuirtear móin amach ann. Caithfidh an bád a ghul tríd balla na Spáinneach isteach go Poll na Darú. Má bhíonn fuireacht chalaidh ar bhád i gCill Rónáin ní fhanfaidh sí ann, má fhéadann sí, gabhfadh sí anonn go Poll na Darú. Níl aon fhaithíos uirthé annsin roimh ghaoth ar bith. D'fanfadh sí ann gan cábla ná ancaire.